# PIETÀ

*In memoriam W. F., 1951–2014*

Aimsir na Nollag, Dhá Mhíle agus a Trí Déag,
theastaigh uaithi cuairt a thabhairt ort,
a corp díoscánach ag bliain is nócha,
ach le cabhair ó do dheartháir,
d'éirigh léi í féin a chur isteach sa ghluaisteán.
Thiomáineamar ó do theach feirme,
síos an cabhsa gairbhéil ar dtús,
tríocha míle soir ó thuaidh ansin, go himeall chathair Chorcaí.

I bhforhalla an ospidéil, thug póirtéir cathaoir rotha di,
bhí orainn *RTÉ Guide* a cheannach sa siopa beag,
ní fhéadfainn a rá léi nach mbeifeá in ann é a léamh.
Lasmuigh de dhoras do sheomra in íoslach na hoinceolaíochta,
níomar ár lámha go deasghnách i ndíghalrán,
róbáil mé í i naprún plaisteach.
D'oscail sí do dhoras agus bhrúigh mé a cathaoir suas in aice leat.
Ba léir ó do ghnúis go bhfuair tú sólás óna meangadh.

D'fhuinneamh ídithe ag radaiteiripe.
Do theanga ag greamú do do bhéal.
Dath bán-liath ar na ballaí agus ar do chraiceann.
Fulaingt gan chlamhsán, sáimhríocht i do láthair.
Spéis agat fós san fheirm – buairt ort go dtógfadh an ghaoth mhór
an díon ó sheanchró na mbeithíoch,
'an bhuairt chéanna ar do dheartháir sa bhaile,' a dúirt sí,
'geimhreadh fada gan taise.'

Dhearc sí go ceansa ort, toradh ceanáin a broinne.
Shín sí lámh amach chugat, thóg tú an lámh chéanna,
tadhall láimhe caoin cineálta. Láithreacht Réalta.
Lena lámh eile thóg sí spúinse glas ó do ghloine uisce,
ach theip uirthi é a ardú chuig do bhéal,
chuidigh mé léi agus ghlac tú le tál do sheanbhuime.
In ainneoin an chárta Nollag ó Mheiriceá os cionn do leapa,
ba í do mháthair an bhean ba thábhachtaí i do shaol fós.

Níor phós tú riamh ach ba thorthúil do thréimhse ar an talamh.
Gach maidin, líontá taiscumar na huachtarlainne le bainne.
Gach fómhar, líontá an muileann le heorna órga.
Gach lá, thugtá gean athar dúinne, páistí do dheirféar...
I lár Mhí Eanáir, Dhá Mhíle agus a Ceathair Déag,
shuigh do mháthair arís i gcathaoir rotha,
do chónra agus carn d'ithir shaibhir Bharra Rua in aice léi.
Sheas míle duine eile léi, ag d'uaigh, san fhuacht feanntach.

***Marie Whelton***







Rentrée Littéraire Leabhar Breac

**I dTír Strainséartha**
Liam Mac Cóil

Te sna sála ar An Litir, tá Lúcás Ó Briain ar a bhealach go dtí an Iodáil chun litir thábhachtach a leagan i lámha Uí Néill, Iarla Thír Eoghain. Tá na taoisigh Ghaelacha sa Róimh ag iarraidh airm ar Rí na Spáinne le filleadh ar Éirinn agus le cumhacht Shasana sa tír a bhriseadh. Cuireann Lúcás chun farraige agus feallmharfóir rua an namhad, an Sionnach, ar a thóir.

**An Teach Órga i Samarkand**
Hugo Pratt

Sa dara húrscéal grafach sa tsraith, i 1921 fágann Corto Maltese oileán Ródas sa Mheánmhuir agus é ar lorg órchiste a cuireadh i bhfolach san Áise 2,000 bliain ó shin. Ar a bhealach trasna na Tuirce agus na hIaráine, castar sóivéidigh is náisiúntóirí air, aisteoirí is saighdiúirí, diabhal-adhraitheoirí is feallmharfóirí, agus caithfidh sé teacht i gcabhair ar Raspúitín, seanchomrádaí atá á choinneáil i bpríosún brúidiúil Shamarkand.

**Na Comharthaí**
Darach Ó Scolaí

Oilte san uirísliú agus san umhlaíocht, fágann Jó ciapadh laethúil na scoile ina dhiaidh agus éiríonn sé amach sa saol agus é sa tóir ar 'mháistrí níos fearr'. Sa scéinséir paranóiach seo leanaimid lorg na gComharthaí ar thuras a thugann ó bhanlieu Pháras sinn soir go hIostanbúl agus siar go dtí an ríchultas bunaidh – agus Jó ag imeacht romhainn ar a tháinrith i dtreo na cinniúna.

T 091 593592
www.leabharbreac.com

LEABHAR BREAC


This content downloaded from 176.61.69.16 on Fri, 14 Apr 2023 13:29:51 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms